

Gníomhaíochtaí Ranga do Dhaltaí Nua

Nótaí an Mhúinteora

'Éireoidh níos fearr le leanaí san fhadtéarma má mhothaíonn siad sábháilte, suaimhneach agus dóchasach, má mhothaíonn siad muintearas agus nasc lena scoil nua, agus má mhothaíonn siad gur féidir leo rudaí a láimhseáil agus déileáil le cúrsaí a thiteann amach.'

Foinse: Ag Tacú le Folláine Leanáí ón Úcráin i do Scoil: Treoir do Bhunscoileanna, ((RO & SNSO 2022, lch 2)

Dearadh an leabhrán seo chun tacú le múinteoirí chun cuidiú le paistí atá díreach tar éis teacht ón Úcráin le go mothóidís sábháilte, suaimhneach, dóchasach agus nasctha, chomh maith le deiseanna a thabhairt dóibh dul i ngleic le rudaí.

Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí deis a thabhairt do pháistí machnamh a dhéanamh ar a láidreachtaí, ar na rudaí a thaitníonn leo agus ar a gcuid caitheamh aimsire agus iad a roinnt lena múinteoir nua (agus le daltaí eile, más mian leo).

Tugann na gníomhaíochtaí deis do pháistí machnamh a dhéanamh agus roinnt a dhéanamh (más mian leo) ar a gcuid taithí agus mothúcháin faoi rudaí a tharla dóibh. Ba chóir rogha a thabhairt do pháistí cinneadh a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanamh nó gan iad a dhéanamh. Má chinneann páistí ar mhothúcháin dheacra a chur in iúl, ba chóir go ndearbhódh an múinteoir na mothúcháin sin agus go nglacfadh sé/sí leo, m.sh., *'Feicim go bhfuil brón ort agus go bhfuil rudaí deacair faoi láthair'*. Formhór de na gníomhaíochtaí atá sa leabhrán seo tá siad íseal-riosca ó thaobh páistí a bheith ag cur mothúcháin dheacra in iúl nó á bhfulaingt, seachas na gníomhaíochtaí ar leathanaigh 6, 7, 11 agus 12 (*Tá gach mothúchán ceart go leor, Mothúcháin a chur in iúl, A bheith suaimhneach, Mar an gCéanna agus difriúil*) mar sin beidh tuiscint agus cairéis de dhith ó thaobh riachtanais agus cásanna ar leith páistí aonair.

'Má roinneann leanaí scéalta faoi na rudaí a tharla dóibh agus faoina gcuid mothúchán, freagair i bhfocail agus i ngothaí atá suaimhneach. Aithin an méid atá ráite acu agus cuir in iúl dóibh go bhfuil tú ag iarraidh rudaí a thuiscint agus go bhfuil tú ann chun tacaíocht a thabhairt.'

Foinse: Ag Tacú le Folláine Leanáí ón Úcráin i do Scoil: Treoir do Bhunscoileanna, (RS & SNSO 2022, lch 8)

Coiméad súil ar na páistí roimh na gníomhaíochtaí uile agus ina ndiaidh le cinntiú go dtuigeann siad iad agus gur mian leo iad a chríochnú.

B'fhéidir gur mhaith leat cuid de na gníomhaíochtaí sa leabhrán a dhéanamh leis an rang ar fad nó mar chuid d'obair bheirte, go háirithe leathanaigh 2, 3, 4 agus na leathanaigh Dathúchán suaimhneach. Is féidir an leabhrán, nó leathanaigh ón leabhrán Gníomhaíochtaí Ranga do Dhaltaí Nua a íoslódáil ó www.otb.ie/ukraine-support-otb

Ba chóir do mhúinteoirí iad féin a chur ar an eolas faoi na treoirínte atá eisithe ag an rialtas 'Ag Tacú le Folláine Leanáí ón Úcráin i do Scoil' - ar fáil ag (www.otb.ie/Ucrain) sula dtugann siad faoi na gníomhaíochtaí seo.

Eolas faoin Údar:

Is iarmhúinteoir bunscoile agus múinteoir RSO í Fiona Forman le breis agus 30 bliain de thaithí teagaisc. Tá M. Eolaíochta sa tSíceolaíocht Dhearfach Fheidhmeach aici, céim a bhaineann le heolaíocht na folláine. Is í Fiona comhúdar **Fí na Folláine** agus údar **Welcome to Well-Being**.

Fiona Forman - fiona.forman@gmail.com

Athbhreithniú le Marie Delaney - Sícteiripeoir Oideachais (www.trauma-ed.com)

Aistriúchán go hÚcráinis le Ruslana Kot - ruslanakot999@gmail.com

Leagan Gaeilge le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.



Foilsithe in Éirinn ag: Outside The Box Learning Resources Ltd.
W6W Páirc Ghnó Tougher, An Halla Nua, An Nás, Co. Chill Dara, W91 YR82, Éire.
Teil: 045 409322 (+353 45 409322).

R-phost: info@otb.ie www.otb.ie

© 2022 Outside The Box Learning Resources Ltd.
Curtha i gcló i bPoblacht na hÉireann.

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

